

## FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS (ERC)

### FOLÚNTAS DO PHOST MAR CHOMHALTA TAIGHDE (MODHEOLAÍOCHTAÍ) (SAINCHUSPÓIR)

#### Cúlra

Bunaíodh an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) mar Chomhlacht Reachtúil i gcomhréir leis an Acht Oideachais (1998) i mí Mheán Fómhair 2015, ach bhí sé ann ó mhí Eanáir 1966, agus tá sé lonnaithe ar Champas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU), Campas Choláiste Phádraig, i nDroim Conrach. Déantar taighde ar iarratais ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó ghníomhaireachtaí eile (m.s. NCCA nó NCSE) agus ar thosaíocht na foirne san FTO. Déanann an FTO soláthar freisin ar sheirbhís mheasúnaithe don chóras oideachais, mar shampla, trialacha caighdeánacha a fhorbairt agus a dháileadh don úsáid ag scoileanna. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin an FTO ag [www.erc.ie](http://www.erc.ie).

#### Sonraíocht poist

Fáiltítear roimh iarratas do phost sinsearach taighde le taithe i modheolaíochtaí taighde oideachasúla.

Is post é seo ina mbeifear ag obair i gcomhpháirt leis an bPríomhfheidhmeannach, le Comhaltaí Taighde eile agus le foireann taighde, agus le Riarthóir Sinsearach an Fhorais mar chuid den fhoireann shinsearach taighde agus bainistíochta.

I measc na bpríomhfhreagrachtaí beidh:

- maoirsiú ar ghnéithe teicniúla agus modheolaíochta d'obair an Fhorais, go háirithe anailís agus scálú ar shonraí measúnuithe náisiúnta ar mhórsála
- forbairt ar fhís straitéiseach an Fhorais chun modheolaíochtaí/anailís a shaibhriú
- feitheoireacht agus meantóireacht ar bhaill foirne eile chun acmhainn a fhorbairt i scileanna teicniúla agus anailíseach.

*Déanfar an ceapachán ar bhonn sainchuspóra (briseadh gairme duine ag a bhfuil an post) faoi réir ag tréimhse promhaidh 6-mhí a bheith comhlíonta go sásúil. Tabhair aird nach gciallaíonn neamh-fhilleadh ó bhriseadh gairme go gcuirfear post buan ar fáil go huathúil.*

*D'fhéadfadh go gcruthófaí painéal óna bhféadfaí folúntais dá leithéid chéanna a líonadh sa todhchaí. Beidh na painéil i bhfeidhm do thréimhse 12 mhí ó spriocdháta na n-iarratas agus d'fhéadfaí síneadh 6 mhí breise a chur leis sin.*

Is post teicniúil é seo ina mbeidh saincileanna agus saintaithí riachtanach. Caithfidh an t-iarratasóir rathúil gach ceann acu seo a leanas a bheith acu:

- taithe cúig bliana ar a laghad de mheasúnuithe cognaíochta a scóráil agus a scálú ag baint úsáide as triail chlasaiceach agus teoiric mírfhreachairt (IRT) araon
- taithe cúig bliana ar a laghad de shamplaí a dhearadh agus a ualú as sampláil shrathaithe, bhraislithe mhór-scála
- dochtúireacht i dtomhas oideachasúil nó i ndisciplín ábhartha (m.sh. síceolaíocht, staitisticí, measúnú)
- acmhainn cruthaithe ar dhaoine eile a mheantóireacht, a theagasc agus/nó a thacú chun sonraí cainníochtúla a anailísiú

- acmhainn cruthaithe ar thaighde a ghiniúint
- taitní ar ghnéithe teicniúla de thaighde a chlárú (m.sh. samplú, ualú, trialacha a fhorbairt agus a scálú, lámhleabhair threoracha)
- ardchumas inniúlachta maidir le cód custamaithe nó macros a scríobh i gceann nó níos mó de na cláir bhogábhar staitisticíúil, staitisticí IBM SPSS san áireamh
- toilteanas taisteal (d'fhéadfadh gur lasmuigh d'Éireann a bheadh i gceist ó am go ham) chun freastal ar chruinnithe tionscnaimh
- an cumas tosaíochtaí straitéiseacha a chur in iúl do na gnéithe modheolaíochtúil de chlár oibre an FTO.

Bheadh sé mar bhuntáiste d'iarratasóirí dá mbeadh ceann amháin nó níos mó díobh seo acu:

- taitní ar dheardh agus ar shonraí do mheasúnuithe ríomhaire-bhunaithe agus páipéar-bhunaithe
- taitní a bheith ag obair le réimse torthaí oideachasúla (i.e. nach sonraí gnóthachtála ná oilteachta amháin atá i gceist)
- anailís ar thacair sonraí mórskála/casta
- taitní a bheith ag obair le sonraí cáilíochtúla agus le feidhmchláir bhogearraí (m.sh. NVivo).

I measc na gcáilíochtaí pearsanta éigeantacha don ról áirítear tiomantas, an cumas éilimh dhúshlánacha agus tosaíochtaí a bhíonn in iomaíocht le chéile a láimhseáil, stíl oibre chomhoibríoch, agus cur chuige oscailte agus solúbtha maidir le fadhbanna a réiteach.

### **Scála Tuarastail:**

Déanfar na ceapacháin ar Scála Comhalta Taighde (**€66,523 – €98,109**) don Earnáil Phoiblí ag pointe atá de réir Polasaí Pá an Rialtais faoi láthair, le hiontrálaithe nua ag tosú ag an gcéad phointe den scála.

Déanfar plé maidir leis an gceapachán a dhéanamh ar Scála Comhlach Taighde FTO (**€48,186 – €70,415**) má tharlaíonn nach sásaítear na riachtanais éigeantacha go léir.

Caithfidh iarratasóirí iad seo a chur san áireamh:

- litir chumhdaigh a dhéanann cur síos ar an tslí ina sásaíonn scileanna agus taitní an iarratasóra riachtanais an phoist
- curaclam vitae
- ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóir

**SPRIODHÁTA: 5.00 PM, AN AOINE 26 IÚIL, 2019.**

Táthar ag súil go ndéanfar na hagallaimh a reachtáil laistigh de choicís ón spriocdháta ina bhfaighfear na hiarratais. Beidh gearrliostáil i gceist.

chuig: [vacancies@erc.ie](mailto:vacancies@erc.ie), agus 'Folúntas do Phost mar Chomhalta Taighde' mar ábhar sa teideal. *(Ba chóir go gcruthódh iarratais ar ríomhphost uathfhreagra – muna bhfaigheann tú freagra go luath tar éis duit d'iarratas a chur isteach déan teagmháil le Patricia Gaffney ag 01 837 37 89.)*

**Soláthraíonn an FTO timpeallacht oibre sholúbtha, dhinimiciúil agus dhúshlánach agus is fostóir comhionannais é.**